

Clár

1	Cad é cuspóir an Chomhaontaithe?	3
2	Cé atá faoi chumhdach an Chomhaontaithe?	3
3	Cad iad na sochair atá faoi chumhdach an Chomhaontaithe?	4
4	Cé acu de dhlíthe slándála sóisialaí an dá thír a bhaineann le hábhar?	4
5	Conas a dhéantar iarratas ar phinsean atá faoi chumhdach an Chomhaontaithe?	5
6	Conas a áireofar mo phinsean?	6
7	An n-imríonn an Comhaontú seo ar theidlíocht ar íocaíochtaí ó thíortha eile faoi Rialacháin an CE ar Shlándáil Shóisialach?	7
8	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	8

Samhain 2007

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach ar leathanach 8 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló.

1. Cad é cuspóir an Chomhaontaithe?

Is é príomhchuspóir an Chomhaontaithe ná cearta pinsin oibrithe imirceacha a ghluaiseann idir Éire agus an Ostair a chosaint. Déanann sé é seo trína cheadú go gcuirfear ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a íoctar i dtír amháin sa chomhaireamh i leith sochar áirithe sa tír eile. Pléann an Comhaontú freisin le stádas árachais shóisialaigh na n-oibrithe a sheoltar ó thír amháin go dtí an tír eile ar feadh tréimhse sealadaí.

2. Cé atá faoi chumhdach an Chomhaontaithe?

Clúdaíonn an Comhaontú:

In Éirinn clúdaíonn an Comhaontú gach fostaí a íocann Aicmí ÁSPC A, E, agus H agus daoine féinfhostaithe in Aicme S.

San Ostair clúdaíonn an Comhaontú gach fostaí lena n-áirítear printísigh, feirmeoirí féinfhostaithe, na daoine féinfhostaithe sa trádáil agus sa tráchtáil, agus dreamanna áirithe eile de dhaoine féinfhostaithe.

TABHAIR FAOI DEARA

Clúdaítear daoine a íocann ranníocaíochtaí ÁSPC in Éirinn ag rátaí d'Aicme B, C nó D freisin ach ní chlúdaítear iad ach i dtaca le Pinsean Baintrí/Baintrí Fir agus Íocaíocht don Chaomhnóir (Ranníocach).

3. Cad iad na sochair atá faoi chumhdach an Chomhaontaithe?

Is iad seo na sochair a chlúdaítear in Éirinn:

- Pinsean Stáit (Ranníocach) (iníoctha ag aois a 66)
- Pinsean Stáit (Eatramhach) (iníoctha ag aois a 65)
- Pinsean Ranníocach Baintrí nó Baintrí Fir
- Íocaíocht don Chaomhnóir (Ranníocach)
- Pinsean Easláine.

San Ostair, clúdaíonn an Comhaontú:

- sochair faoin reachtaíocht maidir le hárachas pinsin (i.e. sochar scoir, sochar míchumais agus sochar marthanóra) cé is moite den árachas do nótairí.

4. Cé acu de dhlíthe slándála sóisialaí an dá thír a bhaineann le hábhar?

I gcoitinne, bíonn oibrithe faoi réir dhlíthe na tíre ina n-oibríonn siad. Má théann tú chun obair go buan san Ostair, mar sin, beidh tú faoi réir dhlí slándála sóisialaí na hOstaire agus íocfaidh tú ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh sa tír sin. Ar an gcuma chéanna, i gcás duine a thagann chun obair go buan in Éirinn ón Ostair, beidh sé/sí faoi réir dhlí leasa shóisialaigh na hÉireann agus íocfaidh sé/sí ranníocaíochtaí ÁSPC anseo.

Sanntaí sealadacha

Má sheolann fostóir Éireannach tú chun obair san Ostair ar shannadh sealadach, leanfaidh tú de bheith ag íoc

ranníocaíochtaí ÁSPC na hÉireann ar feadh an chéad dá bhliain de d'fhostaíocht san Ostair. Ní féidir an tréimhse seo a shíneadh ach trí chomhaontú idir an dá thír roimh ré.

Baineann socruithe comhchosúla le hOstarach ar shannadh sealadach oibre in Éirinn.

Mar sin, má tá tú ag obair faoi láthair in Éirinn agus má táthar chun tú a sheoladh chun obair san Ostair ar shannadh sealadach, is cóir duit nó do d'fhostóir teagmháil a dhéanamh leis an seoladh seo a leanas a luaithe is féidir, chun go bhféadfar na foirmeacha agus an treoir is gá a thabhairt duit:

Bailiúcháin Speisialta ÁSPC

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Bóthar Chorcaí

Port Láirge

Guthán (051) 356000 nó (01) 7043000

Facs: (051) 877838

Tabhair faoi deara

Baineann rialacha faoi leith le daoine a oibríonn san iompar idirnáisiúnta (is é sin le hionpróirí aerlíne) nó i longa na farraige móire i bhfostaíocht rialtais agus i bhfostaíocht leathrialtais. Chun breis eolais a fháil, déan teagmháil le Bailiúcháin Speisialta ÁSPC ag an seoladh thuas, le do thoil.

5. Conas a dhéantar iarratas ar phinsean atá faoi chumhdach an Chomhaontaithe?

Ba chóir duit iarratas ar phinsean a dhéanamh chun na tíre ina bhfuil tú i do chónaí. B'fhéidir go gcáileofá:

- do phinsean Éireannach de bhun do ranníocaíochtaí ÁSPC

Éireannacha amháin nó do phinsean pro-rata de bhun ranníocaíochtaí in Éirinn agus san Ostair araon

agus/nó

- do phinsean pro-rata Ostarach de bhun do ranníocaíochtaí san Ostair agus in Éirinn.

Má tá **cónaí in Éirinn** ort agus má bhí tú árachaithe san Ostair freisin, ba chóir duit d'éileamh a dhéanamh ar an bhfoirm éilimh is cuí atá ar fáil ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Nuair a éilíonn tú aon cheann de na pinsin in Éirinn, agus má shonraíonn tú gur oibrigh tú san Ostair freisin, cuirfimid é seo in iúl do **Chónascadh Udaráis Árachais Shóisialaigh na hOstaire**. Is é sin an comhlacht san Ostair a phléifidh le d'éileamh ar phinsean Ostarach. Iarrfar ort foirm éilimh ar leith a chomhlánú i gcomhair an phinsin seo agus ní mór duit í seo a chur ar ais chun na Roinne seo. Ansin déanfaimid na sonraí is gá ar an bhfoirm seo a fhíorú ónár dtaifid agus seolfaimid an fhoirm éilimh chuig an Hauptverband duit.

Má tá **cónaí san Ostair** ort, ba chóir duit d'éileamh a dhéanamh go díreach chuig an Hauptverband. Tugtar an seoladh cuí i **Rannóg 8**. Rachaidh siad i gcomhairle linn i dtaobh na ceiste faoi do theidlíocht ar phinsean Éireannach.

6. Conas a áireofar mo phinsean?

Má cháilíonn tú do phinsean Éireannach de bhun do ranníocaíochtaí ÁSPC Éireannacha amháin, íocfar an pinsean sin i gcónaí. I bhfocail eile, más féidir pinsean a bhronnadh in Éirinn gan é a bheith riachtanach ranníocaíochtaí san Ostair a chur san áireamh, íocfar an pinsean sin i gcónaí agus ní bheidh aon ghá le do thaifid árachais sa dá thír a chur le chéile.

Sa chás seo b'fhéidir go gcáileofá do phinsean Ostarach freisin agus seolfaimid an t-eolas ábhartha chuig an

Hauptverband des Österreichischen Sozialversicherungsträger duit.

Mura gcáilíonn tú do phinsean de bhun do ranníocaíochtaí árachais Éireannacha amháin, ansin áireofar méid an phinsin Éireannaigh is iníochta faoin gComhaontú de bhun na foirmle seo a leanas:

Mar shampla, má bhí 12 bhliain d'árachas Éireannach ináirithe agus 6 bliana d'árachas Ostarach ináirithe agat, gheobhaidh tú 2/3 den phinsean Éireannach cuí.

Má cháilíonn tú do phinsean Ostarach, cibé acu an gá nó nach gá na tréimhsí árachais sa dá thír a chur le chéile, áireofar méid an phinsin Ostarach **i ngach cás** de réir na foirmle céanna.

7. An n-imríonn an Comhaontú seo ar theidlíocht ar íocaíochtaí ó thíortha eile faoi Rialacháin an CE ar Shlándáil Shóisialach?

Ní imríonn. Má tá éilitheoir - nó a c(h)leithiúnaithe - i dteideal íocaíochtaí faoin gComhaontú, tá na híocaíochtaí sin ar deighilt go hiomlán uathu siúd is iníochta de thoradh Rialacháin an CE ar Shlándáil Shóisialach. Ní imreoidh aon íocaíocht a dhéantar faoi théarmaí an Chomhaontaithe ar aon sochar atá á íoc cheana, nó a dhéanfar ina dhiaidh sin.

Dar ndóigh, is féidir le duine íocaíocht a fháil faoi Rialacháin an CE agus faoin gComhaontú seo araon, má d'oibrigh sé/sí, mar shampla, in Éirinn, san Ostair agus i mBallstát eile den CE, ach **ní chuirfear** tréimhsí oibre sa Stát ábhartha den CE san áireamh, agus na suimeanna pinsin faoin gComhaontú á ríomh.

8. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

In Éirinn, is féidir leat a thuilleadh eolais ar an gComhaontú a fháil ó:

Taifid Idirnáisiúnta

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Teach Oisín
212-213 Sráid an Phiarsaigh
Baile Átha Cliath 2
Éire

Má tá tú ag glooch laistigh de Phoblacht na hÉireann:
Uimhir Ghutháin: (01) 704 3000

Má tá cónaí ort san Ostair is féidir leat teagmháil a dhéanamh le:

Hauptverband des Österreichischen Sozialversicherungsträger

Kundmangasse 21
1031 Vín
An Ostair

Pléifidh siad freisin le haon fhiosrú faoi do Phinsean Ostarach.

Is féidir leat eolas ar sheirbhísí leasa shóisialaigh, leabhráin eolais agus foirmeacha iarratais a fháil:

- ar an Idirlíon ag www.welfare.ie,

nó

- ó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil (féach ar rannóg Eolaire an Stáit de d'eolaí gutháin nó na Leathanaigh Órga chun uimhreacha teagmhála a fháil),

nó

- trí ghlaog gutháin a chur ar Líne Iarrtha Bileog Íosghlaonna

na Roinne ag **1890 20 23 25**,

nó

- trí ghlaog gutháin a chur ar ár Seirbhísí Eolais ag Íosghlaog **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann) nó **+ 353 71 91 93313**.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlaog).

Faisnéis do Shaoránaigh

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil a thacaíonn le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal maidir leis an raon fairsing seirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé an láithreán gréasáin Faisnéise do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

Íosghlao 1890 777 121 (Luan-Aoine 9am-9pm)

Ionaid Áitiúla (féach in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 láthair ar fud na tíre. Foilsítear sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí.